

## Cuspóir Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Dearadh Ráiteas an Chláir Idirbhliana thart ar fhorbairt agus ar fhoghlaim an scoláire agus é ag aistriú ón tsraith shóisearach isteach sa tsraith shinsearach, de réir mar a bhíonn sé ag ullmhú dá shaol sa todhchaí mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

Soláthraíonn an ráiteas treoir do scoileanna maidir leis an gcaoi a bhféadfaidís clár IB a fhorbairt do gach scoláire.

Bíonn an neamhspleáchas agus an tsolúbthacht ag scoileanna chun a gclár IB féin a dhearadh laistigh de pharaiméadair Ráiteas an Chláir Idirbhliana seo.

## Aidhmeanna an Chláir Idirbhliana

Soláthraíonn an IB am, spás agus neamhspleáchas do scoileanna chun eispéiris thaitneamhacha bhríocha a chruthú lena dtacaítear leis an scoláire sa tsraith shinsearach.

Tá sé mar aidhm ag an gclár:

- **forbairt** an scoláire mar dhuine iomlán a chothú.
- spás agus deiseanna a **chruthú** le haghaidh eispéiris foghlama bhríocha thaitneamhacha.
- taithí agus feasacht an scoláire ar chonairí éagsúla todhchaí a **leathnú**.
- é a bheith ag **éabhlóidiú** ar bhonn leanúnach chun tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire

## Clár IB a fhorbairt

Trí churaclam IB a bheadh deartha go cruthaitheach ag an scoil féin, féadann gach scoláire deiseanna a thapú chun fás agus forbairt a dhéanamh agus iad ag foghlaim an dóigh le roghanna níos eolasaí a dhéanamh sa tsraith shinsearach agus taobh amuigh de sin.

## Sracfhéachaint

### Gnéithe Scoláire

- Fás Pearsanta
- A bheith i d'Fhoghlaim
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme

### Gnéithe Curaclaim

- Comhpháirteanna
- Teagasc agus Measúnú
- Aithint agus Tuairisciú
- Machnamh agus Athnuachan



Ta Ráiteas an Chláir Idirbhliana mar aon le réimsí tacaíochtaí ar fáil ag [www.curriculumonline.ie/ga-ie/](http://www.curriculumonline.ie/ga-ie/)

Suíomh Gréasáin: [www.oide.ie/ga/](http://www.oide.ie/ga/)  
Teagmháil: [transitionyear@oide.ie](mailto:transitionyear@oide.ie)  
Lean sinn anseo ag X: @Oide\_TY



Oide

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

# Ráiteas an Chláir Idirbhliana

## Bileog Eolais

Déantar cur síos ar na paraiméadair chun tacú le scoileanna chun a gclár IB a fhorbairt trí Ghnéithe Scoláire agus Gnéithe Curaclaim. Is ionann na ceithre Ghné Curaclaim agus an scafláil chun uailmhian na nGnéithe Scoláire a fhíorú.



**Achoimre ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana.**

## Gnéithe Scoláire

Is iad na ceithre Ghné Scoláire na príomhbhunchlocha ar a ndéantar clár IB a dhearadh. Déantar cur síos ar na bealaí inar féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh san IB agus na heispéiris a d'fhéadfaí tacú leis an bhforbairt seo

**Fás Pearsanta:**

- Forbraítear aibíocht shóisialta agus mhothúchánach.
- Díritear ar shláinte, fholláine, fhéinriar, fhéiniúlacht, chomhbhá agus cheannasaíocht.

**A bheith i d'Fhoghlaiméir**

- Spreagtar inspreagadh agus taitneamh san fhoghlaim.
- Forbraítear scileanna digiteacha, foghlaim ar feadh an tsaoil agus foghlaim neamhspléach.

**Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail:**

- Saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht phobail a chur chun cinn
- Maireachtáil inbhuanaithe agus léirtheiscint chultúrtha a ghriósú

**Taiscéalaíocht Ghairme:**

- Gairmthreoir agus taithí láthair oibre a chur ar fáil
- Forbraítear scileanna gairmscoile agus eagraíochta

Tá na heispéiris scoláire ceaptha le héagsúlacht de dheiseanna agus de chomhthéacsanna féideartha a sholáthar chun tacú le foghlaim agus forbairt scoláire a bheadh ag teacht leis na táscairí forbartha.

Tá na táscairí forbartha ceaptha leis an scoláire agus an scoil a threorú agus leis na paraiméadair a leagan síos d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an scoláire le linn na IB.

Níl na táblaí d'eispéiris scoláire ceaptha lena bheith ina liostaí uileghabhálacha. Ceapadh iad le treoir a chur ar fáil do scoileanna agus iad ag pleanáil agus ag leagan síos bunsraith an chlár IB seo acu. Leagtar amach na paraiméadair don fhoghlaim agus don fhorbairt sna táscairí forbartha.



## Gnéithe Curaclaim

### Comhpháirteanna


- Leanúnachas
- An méid a bhaineann go saineúil leis an IB
- Eispéiris bhreise le haghaidh fáis
- Comhpháirteanna Roghnacha
- Taithí foghlama breise
- Forbairt Punainne
- Ár bpobal féin
- Ár bpobal domhanda
- Socrúchán Oibre/Socrúchán Pobail
- Gairmthreoir
- Eispéiris bhreise ghairm-bhainteacha

### Teagasc agus Measúnú

- Cleachtais chomhchoiteanna agus aonair:
  - punann scoláire IB
  - cuir chuige chomhordaithe i leith an mheasúnaithe.

### Aithint agus Tuairisciú

- Punann scoláire IB
- Machnamh an scoláire
- Tuairisciú scoile.



**Trí Ghné an tuairiscithe.**

### Machnamh agus Athnuachan

- Athbhreithniú agus Meastóireacht